Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
**AGENT 1**

Aicme Sonraí R

Foirm iarratais ar

# Údarás chun Gníomhaire a Cheapadh

(seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

- Úsáid peann gránbhiorach DUBH le do thoil.
- Úsáid BLOCLITREACHA le do thoil.
- Freagair gach ceist a bhaineann leat.

## Cuid 1 Sonraí an Chustaiméara

**1.** Uimhir PSP:

**2.** Sloinne:

**3.** Céadainmneacha:

**4.** Dáta breithe:

L L M M B B B B

**5.** Seoladh:

Contae

Éirchód nó Postchód

**6.** Uimhir theileafóin:

**7.** Seoladh ríomhphoist:

**8.** Ainm an liúntais nó an phinsin Leasa Shóisialaigh atá á íoc:

**9.** Má chónaíonn an custaiméir i dteach altranais, in ospidéal nó in ionad cúraim, luaigh:

Dáta iontrála:

L L M M B B B B

Ainm an tí altranais nó ospidéil nó ionaid cúraim:

Seoladh an tí altranais nó ospidéil nó ionaid cúraim:

Contae

Éirchód nó Postchód

Uimhir theileafóin an tí altranais nó ospidéil nó ionaid cúraim: LÍNE THALÚN

## Sonraí an Chustaiméara

### Dearbhú an Chustaiméara

Níor chóir go mbraithfeá nach bhfuil aon rogha agat nó go bhfuil brú ort gníomhaire a cheapadh chun d'íocaíocht a bhailiú. Má bhraitheann tú go bhfuil brú nach bhfuil gá leis á chur ort chun an fhoirm seo a chomhlánú in aghaidh do thola, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le do thoil.

Dearbhaím gur fíor agus cruinn an fhaisnéis ar fad a thugaim ar an bhfoirm seo. Cuirfidh mé an roinn ar an eolas má thagann athrú ar bith ar m'acmhainn nó ar mo chúinsí.

Is mian liom go gceapfar ............................................................................ chun feidhmiú mar ghníomhaire dom.

Mura féidir leat d'ainm a shíniú, is cóir duit marc, amhail X, a dhéanamh i láthair finné a shíneoidh a (h)ainm in aice leis.

**Ní ceadmhach don ghníomhaire bheith ina f(h)inné.**

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

Síniú an chustaiméara, **ná** húsáid bloclitreacha

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

Síniú an finné **ná** húsáid bloclitreacha.
Ní ceadmhach don ghníomhaire bheith ina f(h)inné.

Gaol an fhinné leis an gcustaiméir:

Gairm an fhinné:

Uimhir theileafóin an fhinné:

**Rabhadh:** Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choimeádann tú faisnéis siar, féadfar tú a ionchúiseamh agus, dá thoradh sin, féadfar fíneáil, tréimhse phríosúnachta nó iad araon a ghearradh ort.

## Cuid 2 Sonraí an Ghníomhaire

**10.** Uimhir PSP an Ghníomhaire**:**

**11.** Sloinne an Ghníomhaire:

**12.** Céadainmneacha an Ghníomhaire:

**13.** Seoladh an Ghníomhaire:

Contae

Éirchód nó Postchód

**14.** Uimhir theileafóin an Ghníomhaire:

FÓN PÓCA

LÍNE THALÚN

**15.** Seoladh ríomhphoist an Ghníomhaire:

**16.** Gaol an ghníomhaire leis an gcustaiméir:

**17.** Sa spás anseo thíos, luaigh an chúis atá gníomhaire ag teastáil:

**18.** An bhfuil a fhios ag baill eile teaghlaigh/neasghaol an duine a ainmnítear i gCuid 1 go bhfuil tú le ceapadh i do ghníomhaire?

☐ Tá ☐ Níl

# Eolas tábhachtach

## Dualgais agus Freagrachtaí an Ghníomhaire

Ní mór don ghníomhaire méid iomlán na híocaíochta a íoc leis an gcustaiméir, gan asbhaint de chineál ar bith a dhéanamh.

Sa chás nach bhfuil duine in ann a gcuid cúrsaí airgeadais féin a bhainistiú agus go bhfuil duine éigin ceaptha acu chun a bheith ina (h)aturnae faoi chumhacht mharthanach aturnae, is é an t-aturnae an duine atá i dteideal an pinsean a bhailiú thar ceann an chustaiméara. Ba cheart cóip den chumhacht mharthanach chláraithe aturnae a chur chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Sa chás nach bhfuil duine in ann a gcuid cúrsaí airgeadais féin a bhainistiú agus go bhfuil gníomhaire ceaptha ag an Aire, is é/í an gníomhaire atá freagrach as na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go bhfeidhmíonn sé/sí i gcáil phearsanta gan an fhreagracht a tharmligean chuig aon duine eile,
- go n-úsáidtear an íocaíocht chun tairbhe agus chun leas an chustaiméara,
- nach gcaitear an t-airgead ar mhíreanna ná ar sheirbhísí atá teideal ag an gcustaiméir orthu má tá na míreanna/seirbhísí sin ar fáil agus inrochtana,
- go dtaisctear iarmhéid na híocaíochta i gcuntas úsmhar chun leas an chustaiméara,
- go gcoimeádtar taifead ar gach suim airgid a fhaightear agus ar gach idirbheart a dhéantar i dtaobh na híocaíochta,
- go gcuirtear na taifid ar fáil má lorgaíonn an custaiméir féin, ainmní dá gcuid (duine atá gaolta leis an gcustaiméir, b'fhéidir) nó oifigeach de chuid na roinne iad.

**Tá gníomhairí freagrach as a chinntiú go ndéantar tuairisciú don roinn ar aon athrú a thagann ar chúinsí an chustaiméara, lena n-áirítear meath ar a gcumas cinntí feasacha a dhéanamh maidir lena gcúrsaí airgeadais féin.**

Féadfaidh an Roinn socrú gníomhaireachta a chur ar ceal tráth ar bith má bhíonn cúis lena chreidiúint nach bhfuil an socrú ag feidhmiú go sásúil nó nach bhfuil an íocaíocht á húsáid chun tairbhe an chustaiméara. Má tharlaíonn sé seo, ní mór don ghníomhaire, nuair is iomchuí, na híocaíochtaí a chur ar ais ar iarratas.

## Daoine nach féidir a cheapadh

Ní cheapfaidh an tAire duine faoin alt seo chun feidhmiú thar ceann an éilitheora/tairbhí:

- Más rud é gur breithníodh an duine sin ina f(h)éimheach riamh, ach amháin sa chás gur urscaoileadh an fhéimheacht nó gur cuireadh an breithniú ar neamhní,
- Más rud é gur ciontaíodh an duine sin i gcoir a bhaineann le calaois nó mímhacántacht; **nó**
- Más rud é gur ciontaíodh an duine sin i gcoir i gcoinne an éilitheora/tairbhí, nó i gcoinne mhaoin an éilitheora nó tairbhí.

## Cuid 4 Dearbhú an Ghníomhaire

Tá **Cuid 3** léite agam agus dearbhaím:

- Nár breithníodh i m'fhéimheach riamh mé,
- Nár ciontaíodh i gcoir a bhaineann le calaois nó mímhacántacht mé; **nó**
- Nár ciontaíodh i gcoir i gcoinne an éilitheora/tairbhí, nó i gcoinne mhaoin an éilitheora/tairbhí mé.

Go bhfios dom, níl na Cúirteanna tar éis aon duine eile a cheapadh faoi chumhacht mharthanach aturnae chun feidhmiú thar ceann an chustaiméara a ainmnítear i g**Cuid 1.**

Tuigim mo dhualgais mar ghníomhaire mar a leagtar amach i g**Cuid 3** iad, agus glacaim leo. Aontaím go bhfeidhmeoidh mé mar ghníomhaire agus go gcomhlíonfaidh mé mo dhualgais mar ghníomhaire don duine a ainmnítear i g**Cuid 1**.

Dearbhaím leis seo gur fíor agus ceart an fhaisnéis atá tugtha agam i dtaca le m'iarratas chun a bheith i mo ghníomhaire. Tuigim gur cion é ráiteas bréagach a dhéanamh nó gan cloí le dualgais an ghníomhaire.

Geallaim go gcuirfidh mé an roinn ar an eolas a luaithe agus is féidir faoi athrú ar bith a thagann ar chúinsí, lena n-áirítear meath ar chumas an chustaiméara cinntí a dhéanamh maidir lena gcúrsaí airgeadais féin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-íocaíocht.

Síniú an ghníomhaire **ná** úsáid bloclitreacha

Dáta: |_|_| |_|_| |2|0|_|_|
L L M M B B B B

**Rabhadh:** Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choimeádann tú faisnéis siar, féadfar tú a ionchúiseamh agus, dá thoradh sin, féadfar fíneáil, tréimhse phríosúnachta nó iad araon a ghearradh ort.

## Cuid 5 Sonraí Íocaíochta

Is féidir íocaíocht a bhailiú ó oifig poist nó í a fháil íoctha díreach isteach in institiúid airgeadais. Comhlánaigh rogha amháin thíos, le do thoil.

### Oifig Poist

Seoladh na hOifige Poist:

Contae

Éirchód nó Postchód

### Institiúid Airgeadais

**Nóta:** Ní mór go bhfuil an cuntas bainc in ainm an chustaiméara a ainmnítear i g**Cuid 1** agus ina (h)ainm sin amháin, nó más comhchuntas atá i gceist, ní mór go bhfuil an custaiméir a ainmnítear i g**Cuid 1** agus an Gníomhaire a ainmnítear i g**Cuid 2** ina sealbhóirí cuntais.

Ainm na hinstitiúide airgeadais:

Seoladh na hinstitiúide airgeadais:

Contae

Éirchód nó Postchód

Cód Aitheantais Bainc (BIC):

Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN):

Ainmneacha na sealbhóirí cuntais:

Ainm 1:

Ainm an Chustaiméara a ainmnítear i gCuid 1

Ainm 2:

Ainm an Ghníomhaire a ainmnítear i gCuid 2

## Cuid 6 Teastas dochtúra

**Níor cheart an chuid seo a chomhlánú ach amháin sa chás nach bhfuil an duine in ann a gcúrsaí airgeadais féin a bhainistiú.**

Dearbhaím, ................................................................................ go ndearna mé scrúdú liachta le 30 lá anuas ar an duine a ainmnítear i g**Cuid 1** den fhoirm seo agus, i mo thuairim, níl sé de chumas acu a gcúrsaí airgeadais féin a bhainistiú

de bharr

ó L L M M B B B B

Ainm an dochtúra:

Uimhir phainéal na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí:

Uimhir Chomhairle Dochtúirí Leighis na hÉireann:

Seoladh:

Contae

Éirchód nó Postchód

Síniú an dochtúra **ná** húsáid bloclitreacha

Stampa oifigiúil an dochtúra

Dáta: L L M M 2 0 B B

## Cuid 7

## Seol an fhoirm chomhlánaithe chuig an Oifig Leasa Shóisialaigh iomchuí ag an seoladh thíosluaite:

- Pinsean na nDall
- Liúntas Banchéile Thréigthe
- Sochar Banchéile Thréigthe
- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Stáit (Neamhranníocach)
- Pinsean Baintrí, Pinsean Baintrí Fir nó Pinsean Páirtí Sibhialta Marthanach (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Pinsean Baintrí Fir nó Pinsean Páirtí Sibhialta Marthanach (Neamhranníocach)

Seirbhísí na Roinne Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

Teileafón: +353 71 915 7100 (ó Thuaisceart Éireann nó ó áiteanna thar lear)

---

- Liúntas do Chúramóirí
- Sochar Báis faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde
- Liúntas Míchumais
- Pinsean Easláine

Seirbhísí na Roinne Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort
N39 E4E0

Teileafón: +353 43 334 0000
(ó Thuaisceart Éireann nó ó áiteanna thar lear)

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh go **www.gov.ie/appointagent**

**Ráiteas um Chosaint Sonraí**

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Níl sna míniúcháin agus sna téarmaí a úsáidtear san fhoirm ach treoir; ní léirmhíniú dlíthiúil iad.

00K 03-21 Eagrán: Márta 2021